# Staitisticí don Dreasacht um Chabhair le Ceannach (CLC), 2020

Tá na staitisticí san eisiúint seo bunaithe ar anailís ar iarratais agus éilimh faoin Dreasacht um Chabhair le Ceannach (CLC) amhail 19 Márta 2021.

Ba chóir go gcuirfí san áireamh go bhfuil na staitisticí seo ina staitisticí sealadacha agus féadfaidh sé go ndéanfar iad a leasú.
Cuirtear nuashonruithe ar fáil go rialta ar leathanach gréasáin staidrimh na gCoimisinéirí Ioncaim: https://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/statistics/index.aspx.

Ba chóir fiosruithe faoi staitisticí maidir le CLC a sheoladh chuig statistics@revenue.ie
Tá eolas agus treoir maidir le hoibriú na scéime ar fáil ar leathanach gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

ISSCOP
Irish Statistical System Code of Practice

## Léargas ginearálta ar an Dreasacht

Fógraíodh an dreasacht um Chabhair le Ceannach (CLC) i mBuiséad 2017 (Deireadh Fómhair 2016), agus ceapadh é chun cabhrú le ceannaitheoirí céaduaire éarlais a chur le chéile a theastaíonn chun teach nó árasán nua a cheannach nó a fhéintógáil chun cónaí ann mar bhaile.

Faoin dreasacht, foráiltear d'aisíocaíocht Cánach Ioncaim agus DIRT a íocadh thar na ceithre bliana cánach roimhe sin, suas le huasteorainn 5% de luach an cheannacháin suas le luach €400,000. Tá teorainn €20,000 ar aisíocaíochtaí CLC.

I bPlean Spreagthaí Post Mhí Iúil, fógraíodh feabhsú sealadach don scéim reatha CLC don chuid eile de 2020. Foráiltear san fhaoiseamh feabhsaithe CLC go bhfuil faoiseamh méadaithe suas le €30,000, nó 10% den luach ceannaigh, ar fáil sa chás go sásaíonn iarratasóirí coinníollacha áirithe. Tá an dreasacht ar fáil don tréimhse 19 Iúil 2016 go 31 Nollaig 2021.

## Maoine Cáilitheacha

Le go mbeidh maoin incháilithe faoin scéim, ní mór gur mar bhaile an cheannaitheora céaduaire a cheannaítear nó a thógtar é agus, má cheannaítear é, go gceannaítear ó chonraitheoir cáilitheach é. Le go mbeidh maoin incháilithe le haghaidh CLC, ní fhéadfaidh sé go mbeidh luach níos mó ná €600,000 air sa tréimhse ó 19 Iúil go 31 Nollaig 2016, nó €500,000 sa tréimhse ó 1 Eanáir 2017 go 31 Nollaig 2021.

| Luach an Cheannaigh | Méid an Fhaoisimh |
|---|---|
| Suas le €400,000 | Suas le 5% de phraghas an cheannaigh |
| Idir €400,000 agus €500,000, ó 1 Eanáir 2017 | Beidh luach €20,000 ar an uasfaoiseamh |
| Os cionn €500,000, ó 1 Eanáir 2017 | Gan faoiseamh |
| Idir €400,000 agus €600,000, idir 19 Iúil 2016 agus 31 Nollaig 2016 | Beidh luach €20,000 ar an uasfaoiseamh |
| Os cionn €600,000, idir 19 Iúil 2016 agus 31 Nollaig 2016 | Gan faoiseamh |

Ní mór go mbeadh cónaí sa mhaoin ar an gceannaitheoir céaduaire, nó ar a laghad ar dhuine amháin de na ceannaitheoirí céaduaire i gcás ceannaitheoirí iomadúla céaduaire, laistigh de dhá bhliain agus ar feadh íostréimhse cúig bliana.

## Conraitheoirí Cáilitheacha

Le go mbeidh conraitheoir mar chuid den phróiseas CLC, ní mór go gcuirfeadh siad ar dtús iarratas isteach chuig na Coimisinéirí Ioncaim le clárú mar 'Chonraitheoir Cáilitheach' agus ansin déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim iad a fhaomhadh.

Tá liosta iomlán na gconraitheoirí cáilitheacha ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim. Go dtí seo, tá **899** conraitheoir cáilitheach cláraithe ar an liosta.

## Iarratais agus Éilimh

Tá dhá chéim sa phróiseas ar líne CLC.

### (1) Céim an Iarratais:

Déanadh ceannaitheoirí céaduaire/féintógálaithe iarratas ar líne trí chórais na gCoimisinéirí Ioncaim, is é sin moChúrsaí nó ROS.

Molann na Coimisinéirí Ioncaim d'iarratasóirí ionchasacha gach tuairisceán cánach riachtanach a thíolacadh, agus aon cheisteanna amuigh a réiteach roimh an iarratas CLC a dhéanamh. Tá sé seo amhlaidh toisc go mbraitheann an t-aga próiseála d'iarratais ar an iarratasóir aon cheisteanna amuigh a réiteach agus an t-iarratas a chomhlánú.

Soláthraítear cáiníocóirí comhlíontacha a chomhlánaíonn a n-iarratas CLC le hUimhir Iarratais agus le hachoimre ar an uasfaoiseamh a bheidh ar fáil dóibh faoin dreasacht. Féadann soláthraí morgáiste, bróicéir, conraitheoir cáilitheach nó dlíodóir an t-achoimre seo a úsáid chun an faoiseamh atá ar fáil don iarratasóir a fhíorú, chun críocha faomhadh nó íostarraingt morgáiste, nó conradh ceannaigh tí a shíniú.
Go dtí seo, fuair na Coimisinéirí Ioncaim **46,001** iarratas CLC.

### (2) Céim an Éilimh:

Ní bhogfaidh iarratais ar aghaidh chuig céim an éilimh ach amháin má dhéanann an t-iarratasóir cinneadh maoin a cheannach atá incháilithe don scéim. Féadfaidh sé nach n-éireoidh le mórán iarratas dul chun chéim an éilimh toisc nach gceannaíonn an t-iarratasóir maoin nó go gceannaíonn an t-iarratasóir maoin nach bhfuil incháilithe le haghaidh na scéime. Is faoin iarratasóir atá sé cinneadh a dhéanamh cé acu an mbogfaidh nó nach mbogfaidh siad chuig céim an éilimh, agus an cinneadh faoi uair le bogadh ar aghaidh. Féadann ceannaitheoirí céaduaire a n-éileamh a thíolacadh chomh luath agus a bheidh an conradh sínithe chun maoin a cheannach. I gcás féintógála, féadtar an t-éileamh a thíolacadh tar éis an chéad sciar den mhorgáiste a íostarraingt. Chun éileamh a dhéanamh, ní mór don iarratasóir fianaise dhoiciméadach a dheimhniú agus a chur ar fáil maidir le sonraí na maoine, an praghas ceannaigh, an dáta críochnaithe, an morgáiste agus an éarlais a íocadh. Féadtar an t-éileamh a thíolacadh ar líne ansin.

Nuair a bheidh éileamh tíolactha, ní mór don fhorbróir/conraitheoir (de chuid na maoine ceannaithe) nó don dlíodóir atá ag gníomhú ar son an fhéintógálaí an t-eolas a sholáthraítear a dheimhniú. Ní fhéadtar éileamh a fhaomhadh ná íoc as go dtí go bhfuil sé fíoraithe ag an tógálaí cáilitheach nó ag an dlíodóir. Níl smacht ag na Coimisinéirí Ioncaim ar an am a thógtar lena aghaidh seo.
Ar na cúiseanna a bhfuil achoimre orthu thuas, ní dócha go mbogfaidh iarratais CLC ar aghaidh chuig céim an éilimh, agus mar sin ní bonn iontaofa é líon na n-iarratas chun measúnú a dhéanamh ar chostas dóchúil na scéime.

Go dtí seo, rinneadh **23,149** éileamh CLC agus faomhadh **22,756** díobh. Meastar gurb ionann timpeall **€369.6** milliún agus luach iomlán measta na n-éileamh faofa CLC go dtí seo, agus gurab ionann timpeall **€374.8** milliún agus luach iomlán na n-éileamh faofa agus atá le faomhadh go dtí seo, a bhfuil **€20.0** milliún ina n-éileamh siarghabhálach (don tréimhse 19 Iúil go 31 Nollaig 2016).

## Staitisticí Chéim an Iarratais

| Mí | Líon in 2020* |
|---|---|
| Eanáir | 2,094 |
| Feabhra | 1,614 |
| Márta | 889 |
| Aibreán | 599 |
| Bealtaine | 674 |
| Meitheamh | 852 |
| Iúil | 1,151 |
| Lúnasa | 3,320 |
| Meán Fómhair | 1,909 |
| Deireadh Fómhair | 2,151 |
| Samhain | 1,573 |
| Nollaig | 1,207 |
| **Iomlán** | **18,033** |

Tugtar briseadh síos míosúil sa tábla thuas ar iarratais CLC in 2020. Folaítear sa tábla seo iarratais fhaofa agus ar feitheamh, ach cuirtear as an áireamh iarratais chealaithe.

| | Siarghabhálach | Neamh-Shiarghabhálach | Iomlán | % den Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Faofa | 1,582 | 33,185 | 34,767 | 75.58% |
| Ar feitheamh** | 117 | 11,117 | 11,234 | 24.42% |
| **Iomlán** | **1,699** | **44,302** | **46,001** | **100%** |

Tugtar briseadh síos sa tábla thuas ar líon iomlán na n-iarratas CLC carnach ó 2016 go deireadh 2020.

* Folaíonn sé seo idir éilimh Shiarghabhálacha agus éilimh Neamh-Shiarghabhálacha. Ciallaíonn Siarghabhálach iarratais agus éilimh i dtaca leis an tréimhse ó 19 Iúil 2016 go 31 Nollaig 2016.

**Ciallaíonn Ar Feitheamh go bhfuil tuairisceán amuigh le tuairisciú ag iarratasóirí nó go bhfuil ábhar comhlíonta le réiteach ag na hiarratasóirí, go bhfuil an t-iarratas réidh chun athbhreithnithe le hoibrí cásanna leithleacha de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, nó go gcaithfidh an t-iarratasóir an t-iarratas s'acu a thabhairt chun críche.

## Staitisticí faoi Chéim an Éilimh

| Mí | Líon in 2020 |
|---|---|
| Eanáir | 312 |
| Feabhra | 551 |
| Márta | 666 |
| Aibreán | 288 |
| Bealtaine | 269 |
| Meitheamh | 361 |
| Iúil | 336 |
| Lúnasa | 455 |
| Meán Fómhair | 715 |
| Deireadh Fómhair | 814 |
| Samhain | 806 |
| Nollaig | 629 |
| **Iomlán** | **6,202** |

Tugtar briseadh síos míosúil sa tábla thuas ar éilimh CLC in 2020 agus folaíonn seo idir éilimh chúlghabhálacha agus éilimh neamh-chúlghabhálacha.

| Cineál na Tógála | Líon | % den Iomlán |
|---|---|---|
| Ceannaithe (Éileamh Siarghabhálach) | 1,068 | 4.61% |
| Ceannaithe (Éileamh Neamh-Shiarghabhálach) | 16,486 | 71.22% |
| Féintógáil (Éileamh Siarghabhálach) | 399 | 1.72% |
| Féintógáil (Éileamh Neamh-Siarghabhálach) | 5,196 | 22.45% |
| **Iomlán** | **23,149** | **100%** |

Tugtar briseadh síos sa tábla thuas ar éilimh CLC carnach de réir chineál na tógála d'éilimh ó 2016 go deireadh 2020.

| An tSuim a Éilíodh | Líon | % den Iomlán |
|---|---|---|
| €0 - €4,999 | 501 | 2.16% |
| €5,000 - €9,999 | 2,203 | 9.52% |
| €10,000 - €14,999 | 6,987 | 30.18% |
| €15,000 - €19,999 | 8,129 | 35.12% |
| €20,000 | 2,941 | 12.70% |
| €20,001 - €30,000 | 2,388 | 10.32% |
| **Iomlán** | **23,149** | **100%** |

Tugtar briseadh síos sa tábla thuas ar shuimeanna éilimh na n-éileamh CLC carnach ó 2016 go deireadh 2020.

| Luach na Maoine: | 0-€150k | | €151-€225k | | €226-€300k | | €301-€375k | | €376-€450k | | Os cionn €450k | | Gach Luach | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | % | Líon | % | Líon | % | Líon | % | Líon | % | Líon | % | Líon | % |
| **Suas le deireadh Nollag, 2019** | 320 | 1.89% | 1,794 | 10.59% | 5,400 | 31.86% | 5,841 | 34.47% | 2,490 | 14.69% | 1,102 | 6.50% | **16,947** | **100%** |
| **Go deireadh Márta 2020** | 335 | 1.81% | 1,897 | 10.27% | 5,902 | 31.94% | 6,350 | 34.37% | 2,797 | 15.14% | 1,195 | 6.47% | **18,476** | **100%** |
| **Go deireadh Meitheamh 2020** | 348 | 1.79% | 1,974 | 10.18% | 6,202 | 31.98% | 6,665 | 34.37% | 2,955 | 15.24% | 1,250 | 6.45% | **19,394** | **100%** |
| **Go deireadh Meán Fómhair 2020** | 364 | 1.74% | 2,075 | 9.93% | 6,669 | 31.91% | 7,191 | 34.41% | 3,247 | 15.54% | 1,354 | 6.48% | **20,900** | **100%** |
| **Go deireadh Nollaig 2020** | 390 | 1.68% | 2,226 | 9.62% | 7,304 | 31.55% | 7,977 | 34.46% | 3,731 | 16.12% | 1,521 | 6.57% | **23,149** | **100%** |

Tugtar briseadh síos carnach sa tábla thuas ar luach na maoin le haghaidh éilimh CLC ó 2016 go deireadh 2020.

| Cóimheas idir Iasacht agus Luach: | 70%-74.99% | | 75%-79.99% | | 80%-84.99% | | 85%-89.99% | | Os cionn 89.99% | | Gach Maoin | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | % | Líon | % | Líon | % | Líon | % | Líon | % | Líon | % |
| **Suas le deireadh Nollag, 2019** | 2,438 | 14.39% | 1,938 | 11.44% | 2,541 | 14.99% | 4,077 | 24.06% | 5,953 | 35.13% | **16,947** | **100%** |
| **Eanáir 2020** | 2,494 | 14.45% | 1,969 | 11.41% | 2,586 | 14.98% | 4,129 | 23.92% | 6,081 | 35.23% | **17,259** | **100%** |
| **Feabhra 2020** | 2,572 | 14.44% | 2,019 | 11.34% | 2,674 | 15.01% | 4,258 | 23.91% | 6,287 | 35.30% | **17,810** | **100%** |
| **Márta 2020** | 2,680 | 14.51% | 2,083 | 11.27% | 2,767 | 14.98% | 4,408 | 23.86% | 6,538 | 35.39% | **18,476** | **100%** |
| **Aibreán 2020** | 2,736 | 14.58% | 2,110 | 11.24% | 2,797 | 14.91% | 4,481 | 23.88% | 6,640 | 35.39% | **18,764** | **100%** |
| **Bealtaine 2020** | 2,776 | 14.59% | 2,144 | 11.26% | 2,842 | 14.93% | 4,532 | 23.81% | 6,739 | 35.41% | **19,033** | **100%** |
| **Meitheamh 2020** | 2,825 | 14.57% | 2,178 | 11.23% | 2,893 | 14.92% | 4,611 | 23.78% | 6,887 | 35.51% | **19,394** | **100%** |
| **Iúil 2020** | 2,872 | 14.56% | 2,218 | 11.24% | 2,950 | 14.95% | 4,693 | 23.79% | 6,997 | 35.46% | **19,730** | **100%** |
| **Lúnasa 2020** | 2,949 | 14.61% | 2,263 | 11.21% | 3,005 | 14.89% | 4,802 | 23.79% | 7,166 | 35.50% | **20,185** | **100%** |
| **Meán Fómhair 2020** | 3,051 | 14.60% | 2,332 | 11.16% | 3,119 | 14.92% | 4,967 | 23.77% | 7,431 | 35.56% | **20,900** | **100%** |
| **Deireadh Fómhair 2020** | 3,163 | 14.57% | 2,423 | 11.16% | 3,247 | 14.95% | 5,153 | 23.73% | 7,728 | 35.59% | **21,714** | **100%** |
| **Samhain 2020** | 3,302 | 14.66% | 2,516 | 11.17% | 3,378 | 15.00% | 5,338 | 23.70% | 7,986 | 35.46% | **22,520** | **100%** |
| **Nollaig 2020** | 3,403 | 14.70% | 2,593 | 11.20% | 3,485 | 15.05% | 5,497 | 23.75% | 8,171 | 35.30% | **23,149** | **100%** |

Soláthraítear sa tábla thuas briseadh síos míosúil carnach ar chóimheas idir iasacht agus luach na maoin a ndearnadh éilimh CLC ina leith ó 2016 go deireadh 2020, bunaithe ar an dáta a chuaigh iarratas ar aghaidh chuig céim an éilimh. Is éard atá sa chóimheas idir iasacht agus luach ná méid an mhorgáiste mar chéatadán de luach ceannaithe an tí nó an árasáin. Chun leas a bhaint as an dreasacht CLC, ní mór go mbeidh an cóimheas idir iasacht agus luach 70% nó os a cionn.


| Contae | Deireadh Nollag, 2019 | Ean-20 | Fea-20 | Már-20 | Aib-20 | Bea-20 | Mei-20 | Iúil-20 | Lún-20 | MFó-20 | DFó-20 | Sam-20 | Nol-20 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceatharlach** | 132 | 133 | 138 | 147 | 149 | 154 | 160 | 164 | 170 | 176 | 182 | 185 | 192 |
| **An Cabhán** | 138 | 140 | 150 | 157 | 161 | 164 | 168 | 173 | 181 | 182 | 189 | 204 | 208 |
| **An Clár** | 263 | 265 | 274 | 284 | 294 | 304 | 308 | 313 | 322 | 332 | 348 | 362 | 371 |
| **Corcaigh** | 1,848 | 1,896 | 1,962 | 2,025 | 2,054 | 2,091 | 2,148 | 2,193 | 2,259 | 2,353 | 2,460 | 2,582 | 2,670 |
| **Dún na nGall** | 185 | 191 | 204 | 215 | 219 | 228 | 236 | 239 | 248 | 265 | 284 | 299 | 304 |
| **Baile Átha Cliath** | 5,286 | 5,372 | 5,501 | 5,629 | 5,657 | 5,688 | 5,751 | 5,801 | 5,880 | 6,022 | 6,175 | 6,322 | 6,452 |
| **Gaillimh** | 724 | 734 | 760 | 800 | 826 | 849 | 879 | 904 | 924 | 961 | 990 | 1,024 | 1,062 |
| **Ciarraí** | 171 | 173 | 185 | 197 | 205 | 214 | 223 | 227 | 232 | 243 | 253 | 264 | 272 |
| **Cill Dara** | 1,672 | 1,710 | 1,758 | 1,845 | 1,880 | 1,911 | 1,947 | 1,991 | 2,059 | 2,155 | 2,271 | 2,384 | 2,446 |
| **Cill Chainnigh** | 173 | 181 | 195 | 207 | 219 | 228 | 235 | 244 | 260 | 275 | 292 | 311 | 319 |
| **Laois** | 240 | 244 | 250 | 268 | 278 | 283 | 292 | 302 | 314 | 329 | 352 | 368 | 385 |
| **Liatroim** | 38 | 38 | 39 | 39 | 43 | 43 | 45 | 47 | 47 | 49 | 52 | 54 | 59 |
| **Luimneach** | 536 | 543 | 564 | 593 | 601 | 607 | 620 | 632 | 643 | 668 | 693 | 728 | 751 |
| **An Longfort** | 72 | 73 | 77 | 80 | 82 | 83 | 85 | 87 | 89 | 90 | 93 | 93 | 94 |
| **Lú** | 540 | 554 | 572 | 599 | 605 | 616 | 623 | 635 | 651 | 667 | 691 | 716 | 733 |
| **Maigh Eo** | 293 | 301 | 316 | 323 | 333 | 343 | 350 | 356 | 368 | 376 | 394 | 408 | 427 |
| **An Mhí** | 2,054 | 2,084 | 2,147 | 2,236 | 2,274 | 2,301 | 2,340 | 2,384 | 2,433 | 2,518 | 2,627 | 2,732 | 2,809 |
| **Muineachán** | 148 | 152 | 154 | 164 | 168 | 169 | 174 | 177 | 180 | 191 | 197 | 205 | 214 |
| **Uíbh Fhailí** | 151 | 153 | 162 | 170 | 171 | 174 | 180 | 183 | 192 | 201 | 211 | 218 | 232 |
| **Ros Comáin** | 133 | 137 | 142 | 154 | 159 | 162 | 164 | 167 | 171 | 182 | 185 | 193 | 194 |
| **Sligeach** | 123 | 124 | 126 | 129 | 133 | 135 | 137 | 139 | 143 | 148 | 152 | 155 | 164 |
| **Tiobraid Árann** | 283 | 290 | 299 | 312 | 320 | 323 | 327 | 331 | 336 | 344 | 361 | 378 | 383 |
| **Port Láirge** | 388 | 396 | 413 | 428 | 433 | 442 | 456 | 461 | 470 | 494 | 516 | 535 | 553 |
| **An Iarmhí** | 216 | 222 | 236 | 244 | 251 | 251 | 253 | 265 | 273 | 284 | 296 | 304 | 313 |
| **Loch Garman** | 360 | 365 | 381 | 397 | 409 | 420 | 437 | 449 | 456 | 471 | 496 | 513 | 533 |
| **Cill Mhantáin** | 780 | 788 | 805 | 834 | 840 | 850 | 856 | 866 | 884 | 924 | 954 | 983 | 1,009 |
| **Gach Éileamh** | **16,947** | **17,259** | **17,810** | **18,476** | **18,764** | **19,033** | **19,394** | **19,730** | **20,185** | **20,900** | **21,714** | **22,520** | **23,149** |

Soláthraíonn an tábla thuas miondealú geografach ar shuíomh na réadmhaoine CLC orthu ó 2016 go deireadh 2020.


| Contae | Deireadh Nollag, 2019 | Ean-20 | Fea-20 | Már-20 | Aib-20 | Bea-20 | Mei-20 | Iúil-20 | Lún-20 | MFó-20 | DFó-20 | Sam-20 | Nol-20 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceatharlach** | 1.6 | 1.6 | 1.7 | 1.8 | 1.8 | 1.9 | 2 | 2 | 2.2 | 2.3 | 2.4 | 2.5 | 2.7 |
| **An Cabhán** | 1.7 | 1.7 | 1.8 | 1.9 | 2 | 2 | 2 | 2.1 | 2.2 | 2.3 | 2.4 | 2.7 | 2.7 |
| **An Clár** | 3.3 | 3.3 | 3.5 | 3.6 | 3.7 | 3.9 | 4 | 4 | 4.2 | 4.4 | 4.8 | 5.2 | 5.4 |
| **Corcaigh** | 28.2 | 29 | 30 | 31.1 | 31.5 | 32.1 | 33 | 33.7 | 35.3 | 37.6 | 40.4 | 43.4 | 45.7 |
| **Dún na nGall** | 1.9 | 2 | 2.1 | 2.3 | 2.3 | 2.4 | 2.5 | 2.6 | 2.7 | 3 | 3.3 | 3.5 | 3.6 |
| **Baile Átha Cliath** | 87.8 | 89.3 | 91.6 | 93.8 | 94.3 | 94.8 | 96 | 96.9 | 98.8 | 102.6 | 106.7 | 110.7 | 114.4 |
| **Gaillimh** | 9.9 | 10.1 | 10.5 | 11.1 | 11.5 | 11.9 | 12.3 | 12.7 | 13.2 | 14.1 | 14.8 | 15.6 | 16.6 |
| **Ciarraí** | 2.2 | 2.2 | 2.3 | 2.5 | 2.6 | 2.7 | 2.8 | 2.9 | 3 | 3.2 | 3.4 | 3.6 | 3.8 |
| **Cill Dara** | 26.4 | 27.1 | 27.8 | 29.3 | 29.9 | 30.4 | 31 | 31.7 | 33.4 | 35.9 | 38.8 | 41.9 | 43.4 |
| **Cill Chainnigh** | 2.4 | 2.5 | 2.7 | 2.9 | 3 | 3.2 | 3.3 | 3.4 | 3.7 | 4 | 4.3 | 4.8 | 5 |
| **Laois** | 2.8 | 2.9 | 3 | 3.2 | 3.3 | 3.4 | 3.5 | 3.6 | 3.8 | 4.1 | 4.5 | 4.9 | 5.2 |
| **Liatroim** | 0.4 | 0.4 | 0.4 | 0.4 | 0.5 | 0.5 | 0.5 | 0.5 | 0.5 | 0.6 | 0.6 | 0.6 | 0.7 |
| **Luimneach** | 7.1 | 7.2 | 7.5 | 8 | 8.1 | 8.2 | 8.4 | 8.5 | 8.8 | 9.4 | 10 | 10.8 | 11.4 |
| **An Longfort** | 0.9 | 1 | 1 | 1 | 1.1 | 1.1 | 1.1 | 1.1 | 1.2 | 1.2 | 1.2 | 1.2 | 1.3 |
| **Lú** | 6.6 | 6.8 | 7 | 7.3 | 7.4 | 7.6 | 7.7 | 7.8 | 8.1 | 8.5 | 9 | 9.6 | 10 |
| **Maigh Eo** | 3.7 | 3.8 | 4 | 4.1 | 4.2 | 4.3 | 4.4 | 4.5 | 4.8 | 4.9 | 5.3 | 5.5 | 5.8 |
| **An Mhí** | 29.5 | 30 | 30.9 | 32.3 | 32.9 | 33.3 | 33.9 | 34.5 | 35.6 | 37.6 | 40.1 | 42.8 | 44.7 |
| **Muineachán** | 1.8 | 1.9 | 1.9 | 2 | 2.1 | 2.1 | 2.2 | 2.2 | 2.2 | 2.4 | 2.5 | 2.7 | 2.9 |
| **Uíbh Fhailí** | 1.9 | 2 | 2.1 | 2.2 | 2.2 | 2.3 | 2.3 | 2.4 | 2.6 | 2.7 | 3 | 3.1 | 3.4 |
| **Ros Comáin** | 1.7 | 1.8 | 1.8 | 2 | 2.1 | 2.1 | 2.1 | 2.2 | 2.3 | 2.5 | 2.6 | 2.7 | 2.8 |
| **Sligeach** | 1.4 | 1.4 | 1.4 | 1.5 | 1.5 | 1.5 | 1.6 | 1.6 | 1.7 | 1.8 | 1.8 | 1.9 | 2 |
| **Tiobraid Árann** | 3.5 | 3.6 | 3.7 | 3.9 | 4 | 4 | 4.1 | 4.2 | 4.3 | 4.4 | 4.7 | 5 | 5.1 |
| **Port Láirge** | 4.5 | 4.6 | 4.8 | 5 | 5 | 5.1 | 5.3 | 5.4 | 5.6 | 6.1 | 6.5 | 6.9 | 7.4 |
| **An Iarmhí** | 2.8 | 2.9 | 3.1 | 3.2 | 3.3 | 3.3 | 3.3 | 3.5 | 3.6 | 3.9 | 4.1 | 4.3 | 4.5 |
| **Loch Garman** | 4.4 | 4.5 | 4.7 | 4.9 | 5 | 5.2 | 5.4 | 5.6 | 5.7 | 6 | 6.5 | 6.9 | 7.4 |
| **Cill Mhantáin** | 12.1 | 12.2 | 12.5 | 13 | 13 | 13.2 | 13.3 | 13.5 | 13.9 | 14.9 | 15.6 | 16.3 | 16.9 |
| **Gach Éileamh** | **250.6** | **255.5** | **263.8** | **274.1** | **278.4** | **282.5** | **288.1** | **293.2** | **303.4** | **320.4** | **339.6** | **359.4** | **374.8** |

Soláthraíonn an tábla thuas miondealú geografach ar shuíomh na shuimeanna éilimh CLC orthu ó 2016 go deireadh 2020.

## Éilimh a Eagraítear de Réir Contae




## Líon na gCabhair chun Éilimh a cheannach mar chéatadán de chlárúcháin CMÁ




Léirítear sa chairt thuas líon carnach na n-éileamh CLC go deireadh 2020 de réir contae.

Léirítear sa chairt thuas líon carnach na maoine a ndearnadh éilimh CLC ina leith go deireadh 2020 mar sciar de líon na maoine i ngach contae (tá líon na maoine bunaithe ar shonraí clárúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim don Cháin Maoine Áitiúil (CMÁ)).